

An Chomhairle Ealaíon  
Plean Gníomhaíochta um  
Sheirbhís do Chustaiméirí  
2017–2019



## Réamhrá

Fáilte chuig an gcéad Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí de chuid na Comhairle Ealaíon. Leagtar síos ann na céimeanna a thógfaimid sna trí bliana seo romhainn chun ár dtiomantais faoi gach ceann den 12 Phrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ón Rialtas a chomhlíonadh.

Leagtar síos i gCairt Seirbhíse Custaiméirí na Comhairle Ealaíon na prionsabail atá mar bhonn is mar thaca ag ár seirbhís agus déantar cur síos inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí ar an gcaoi a gcuirfimid na prionsabail sin i bhfeidhm.

Tá an Plean Gníomhaíochta bunaithe freisin ar na tosaíochtaí straitéiseacha inár Straitéis 2016–2025 **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú.**

Leagtar amach cúig réimse tosaíochta in **Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh**, a bhfuil sprioc ar leith ag gach ceann díobh. Aithnímid dhá réimse beartais mar thosaíochtaí:

### An tEalaíontóir

#### Rannpháirtíocht an Phobail

Anuas air sin sainímid trí réimse dár bpleanáil agus dár gcinnteoireacht mar thosaíochtaí. Is iad sin: Straitéis Infheistíochta, Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach agus Cumas a Fhorbairt.

Tá an Chomhairle Ealaíon meáite ar sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí ionas go mbeidh sí in ann a misean agus a spriocanna ardleibhéil a bhaint amach. Rachaimid i gcomhairle rialta le custaiméirí, le comhpháirtithe seachadta agus le páirtithe leasmhara eile chun slat tomhais a fháil ar an gcaoi a bhfuilimid ag comhlíonadh na dtiomantas inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí. Tabharfar nuashonruithe inár dtuarascálacha bliantúla ar an dul chun cinn a dhéanfar i gcur i bhfeidhm na guspóirí a leagtar síos inár bpleananna gnó.

## Na Prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Ar cheann de na téamaí bunúsacha a bhaineann le rialtas níos fearr a sholáthar tá scoth na seirbhíse a bhaint amach do chustaiméirí. Is uirlis riachtanach é ár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí ina dtugtar cuntas ar ár bhfreagra ar chuspóirí sonracha a bhaineann le seachadadh seirbhísí, mar atá sonrath sa 12 Phrionsabal Treorach um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí arna bhfaomhadh ag an Rialtas. Maidir le gach prionsabal, leagamar amach thíos ár straitéis forfheidhmithe sna trí bliana amach romhainn, lena n-áirítear príomhghníomhaíochtaí.

Éilíonn na Prionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ar an gComhairle Ealaíon:

## 1. Ardchaighdeáin Seirbhíse

### CUSPÓIR

Ráiteas a fhoilsiú ina dtugtar cuntas ar an gcineál seirbhíse agus ar cháilíocht na seirbhíse lena mbeidh custaiméirí ag súil, agus é a thaispeáint go feiceálach ag pointe an tseachadta seirbhíse.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- An Chairt Chustaiméirí a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin agus ar ár n-inlín.
- An Chairt Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta do Chustaiméirí a chur ar fáil go forleathan dár gcustaiméirí, i bhfoirm cruachóipe nó go leictreonach.
- A chur in iúl do chustaiméirí, ag an bpointe seirbhíse, cén caighdeán seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil leis.
- Ár bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí agus na caighdeáin seachadta seirbhíse a chur in iúl dár bhfoireann go léir.
- Feasacht maidir leis an 12 phrionsabal um sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí atá leagtha amach ag an Rialtas a chur chun cinn agus a mhéadú i measc na foirne agus custaiméirí.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Foilsiú agus infhaighteacht faisnéise ar chaighdeáin seirbhíse do chustaiméirí ar ár suíomh gréasáin agus ar ár n-inlín.
- ✓ Cuirtear Oiliúint i Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ar fáil don fhoireann.
- ✓ Beidh sonraí inár dtuarascáil bhliantúil maidir leis an 12 phrionsabal um sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a mheasúnú i gcoinne ár bpríomhtháscairí feidhmíochta agus tuairisceofar ar dhul chun cinn.

## 2. Comhionannas/Éagsúlacht

### CUSPÓIR

A chinntiú go bhfuil cearta um chóir chomhionann ag cách, arna leagan síos i reachtaíocht chomhionannais, agus freastal ar éagsúlacht, d'fhonn rannchuidiú le comhionannas do na grúpaí a chuimsítear sa reachtaíocht chomhionannais (ar fhorais inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creidimh, aoise, míchumais, cine agus ballraíochta de Phobal an Lucht Siúil). Bacainní ar sheirbhísí do dhaoine atá ag fulaingt ó bhochtaineacht agus eisiámh sóisialta, agus na daoine sin a mbíonn bacainní tíreolaíochta ar sheirbhísí ag cur isteach orthu, a shainithint agus oibriú chun deireadh a chur leis na bacainní sin.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- A chinntiú go bhfuil rochtain ag na grúpaí go léir a chuimsítear sa reachtaíocht chomhionannais ar ár gcláir mhaoinithe agus ár ndámhachtainí agus go bhfuil an leibhéal seirbhíse iomchuí ar fáil.
- Rochtain agus rannpháirtíocht na mionphobal cultúrtha agus eitneach a fheabhsú, go himhneach agus thar gach réimse d'obair na Comhairle Ealaíon.
- Breithnítear na riachtanais atá ag ealaíontóirí faoi mhíchumas ó na chéad chéimeanna pleanála thar gach réimse d'obair na Comhairle Ealaíon.
- Caighdeán na faisnéise maidir leis na cineálacha difriúla rochtana atá ar fáil a fheabhsú.
- Breithnítear na riachtanais atá ag ealaíontóirí faoi mhíchumas ó na chéad chéimeanna pleanála thar gach réimse d'obair na Comhairle Ealaíon.
- Faigheann baill agus foireann uile na comhairle oiliúint i gcúrsaí comhionannais agus éagsúlachta, bíonn siad rannpháirteach in iniúchadh rochtana agus i bhforbairt beartais.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Cloí le forálacha reachtaíocht Chomhionannais na hÉireann.
- ✓ Cloí le forálacha na reachtaíochta um Thús Áite do Leanáí.
- ✓ Ár mbeartas agus straitéis éagsúlachta cultúrtha a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- ✓ Ár mbeartas agus straitéis ealaíon agus míchumais a athbhreithniú agus a nuashonrú.
- ✓ Tugtar oiliúint i gcúrsaí comhionannais agus éagsúlachta don fhoireann agus do bhaill na comhairle.

### 3. Rochtain Fhisiceach

#### CUSPÓIR

Oifigi poiblí atá glan agus inrochtana a chur ar fáil a chinntíonn príobháideachtas, a chloíonn le caighdeáin cheirde agus sábháilteachta agus, mar chuid de sin, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine eile a bhfuil riachtanais shonracha acu a éascú.

#### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Cóiríocht reatha a chothabháil chuig caighdeán atá inghlactha do chustaiméirí agus don fhoireann araon.
- Ár mbeartas sláinte agus sábháilteachta a nuashonrú go rialta, de réir mar a athraíonn pearsanra, trealamh, modhanna oibre agus an reachtaíocht.
- Caighdeán ard a choimeád timpeall ar an deasc fáilte chun fáilte a chur roimh ár gcustaiméirí.
- Caighdeán ard a choinneáil ag gach ceann dár n-imeachtaí a reáchtáil an Chomhairle Ealaíon go himheánach agus go seachtach.
- Gabhfar i ngleic le promhadh míchumais in aon léasanna nua foirgnimh.

#### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Athbhreithniú ar nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear measúnú riosca.
- ✓ Dóthain acmhainní agus maoinithe ar fáil chun ár gcóras bainistíochta sábháilteachta a bhainistiú agus a thabhairt slán.
- ✓ An limistéar timpeall ar an deasc fáilte a choinneáil glan agus inrochtana.
- ✓ Saoráidí i gcomhair imeachtaí a reáchtáil an Chomhairle Ealaíon a choinneáil glan agus inrochtana.

### 4. Faisnéis

#### CUSPÓIR

Cur chuige forghníomhach a ghlacadh chun faisnéis a sholáthar atá soiléir, caoithiúil agus cruinn, agus ar fáil ag gach pointe teagmhála agus a chomhlíonann riachtanais daoine a bhfuil riachtanais shonracha acu. A chinntiú go mbaintear leas iomlán as an gcumas a thairgtear le Teicneolaíocht Faisnéise agus go leanann an fhaisnéis atá ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na Seirbhíse Poiblí na treoirlínte ar fhoilsiú ar an ngréasán. Leanúint den iarracht rialacha, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus nósanna imeachta a shimpliú.

#### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Teanga shoiléir a úsáid inár bhfoirmeacha, beartais, bileoga eolais agus in iarratais ar dheontais.
- Cloí lenár dtiomantais inár gCairt Chustaiméirí maidir le cumarsáid scríofa.
- Leanúint ag forbairt ár suímh gréasáin ([www.artscouncil.ie](http://www.artscouncil.ie)) mar phríomhacmhainn faisnéise dár gcustaiméirí, chomh maith le leibhéal idirghníomhaithe níos mó a chur chun cinn lenár bpáirtithe leasmhara.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar ár gCóras Bainistíochta Slándáil Faisnéise.
- Tuarascáil Bhliantúil a sholáthar atá caoithiúil, achomair agus lán le faisnéis.
- Cloí leis na ceanglais reachtúla i dtaca le hiarratais arna ndéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 agus na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol a phróiseáil.
- Ár nósanna imeachta agus ár mbeartas comhlíontachta ar chosaint sonraí a fhorbairt ag teacht le caighdeáin dea-chleachtas.

#### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Áireofar an Suirbhé ar Pháirtithe Leasmhara inár dTuarascáil Bhliantúil.
- ✓ Comhlíontar ceanglais reachtúla iomchuí.
- ✓ Coinnítear loga nochtta maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise atá ar an suíomh gréasáin cothrom le dáta.
- ✓ Comhlíontar Rialacha Ginearálta um Chosaint Sonraí ó na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 2018 agus bíonn feachtas mhéadaithe ann.

## 5. Caoithiúlacht agus Cúirtéis

### CUSPÓIR

Seirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh go cúirtéiseach, go goilliúnach agus lena laghad moille agus is féidir, agus atmaisféar cóimheasa a chothú idir an soláthraí agus an custaiméir. Ainmneacha teagmhálaithe a thabhairt i ngach cumarsáid lena chinntiú go leantar d'idirbhearta leanúnacha.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Aidhm a shonrú na caighdeán seirbhíse atá leagtha síos inár gCairt Chustaiméirí a chomhlíonadh go comhleanúnach agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht.
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na treoirlínte agus faoi na nósanna imeachta molta maidir le glaonna theileafóin a fhreagairt agus déileáil le comhfhreagras.
- Tabharfaidh an fhoireann sonraí teagmhála iomlána i ngach cumarsáid ríomhphoist agus úsáidfear saoráidí glórphoist agus fógraí uathoibríocha nuair nach bhfuiltear san oifig.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Aiseolas ó chustaiméirí trí chumarsáid ónár bpáirtithe leasmhara éagsúla.
- ✓ Treoirlínte scaipthe ar ár n-inlíon agus an fhoireann ar an eolas faoi nósanna imeachta molta.
- ✓ Tugann an fhoireann go léir ainm, seoladh agus líne theileafóin dhíreach ina sínithe ríomhphoist agus úsáideann siad glórphost agus fógraí uathoibríocha nuair nach bhfuil siad ar fáil.

## 6. Gearáin

### CUSPÓIR

Coinneofar córas dea-fhógartha, inrochtana, trédhearcach agus simplí le húsáid chun plé le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Foilseofar ár nós imeachta maidir le gearáin ar ár suíomh gréasáin.
- Déanfar monatóireacht ar gach gearán scríofa a fhaightear ón bpobal agus ó Oifig an Ombudsman.
- Méadófar feasacht faoin nós imeachta i dtaca le gearáin ó chustaiméirí i measc na foirne.
- Rachfar i ngleic le gach gearán a dhéantar i scríbhinn (nó a choibhéis) de réir na nósanna imeachta a leagtar amach inár gCairt Chustaiméirí.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Rochtain ar ár nós imeachta maidir le gearáin scríofa agus an Chairt Chustaiméirí a éascú ar ár suíomh gréasáin.
- ✓ Pléitear le gearáin i scríbhinn ar bhealach oscailte, freagrach agus inrochtana
- ✓ Pléitear le gearáin i scríbhinn ar bhealach cothrom, truamhéalach agus caoithiúil.
- ✓ Cuirtear faisnéis, comhairle agus oiliúint iomchuí ar fáil don fhoireann a bhíonn ag plé le gearáin.

## 7. Achomhairc

### CUSPÓIR

Ar an gcaoi chéanna, córas achomhairc/athbhreithnithe foirmiúil, dea-fhógartha, inrochtana, trédhearcach agus simplí le húsáid a choimeád do chustaiméirí atá míshásta le cinntí i dtaca le seirbhísí.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Ár nós imeachta achomhairc a fhoilsiú ar ár suíomh gréasáin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar líon na n-achomhairc a fhaightear ón bpobal.
- Feasacht a mhéadú i measc na foirne faoin nós imeachta i dtaca le hachomhairc ó chustaiméirí.
- A chinntiú nach mbíonn ach an laghad moille agus is féidir nuair a bhítear ag plé le hachomhairc do chustaiméirí atá míshásta le cinntí i dtaca lenár gcuid seirbhísí.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Rochtain ar ár nós imeachta maidir le hachomhairc agus an Chairt Chustaiméirí a éascú ar ár suíomh gréasáin.
- ✓ Pléitear le hachomhairc ar bhealach oscailte, freagrach agus inrochtana.
- ✓ Pléitear le hachomhairc de réir ár nósanna imeachta forordaithe.
- ✓ Cuirtear faisnéis, comhairle agus oiliúint iomchuí ar fáil don fhoireann a bhíonn ag plé le hachomhairc.

## 8. Comhairliúchán agus Meastóireacht

### CUSPÓIR

Cur chuige struchtúrtha a sholáthar maidir le comhairliúchán ciallmhar leis an gcustaiméir i dtaca le forbairt, seachadadh agus athbhreithniú seirbhísí, agus rannpháirtíocht sna seirbhísí sin. Meastóireacht bhríoch ar sheachadadh seirbhíse a chinntiú.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Oibriú le raon páirtithe leasmhara, laistigh den Chomhairle Ealaíon agus d'earnáil na n-ealaíon i gcoitinne chun aiseolas faoinár gcuid seirbhísí a chur chun cinn agus an chaoi a bhféadfaí feabhas a chur orthu.
- Comhairliúchán inmheánach agus seachtrach a fhorbairt i bhfeabhsúchán próisis i dtaca le gach scéim agus dámhachtain nua nuair a thagann an deis chun cinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir mhaoinithe, scéimeanna agus tionscnaimh chun na tosaíochtaí in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Gníomhú ar aiseolas ónár gcustaiméirí agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.
- ✓ Ár Suirbhé ar Pháirtithe Leasmhara a fhoilsiú inár dtuarascáil bhliantúil.
- ✓ Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm thorthaí ár Suirbhé ar Pháirtithe Leasmhara.
- ✓ Déanfar na cláir infheistíochta, scéimeanna agus tionscnaimh nua dár gcuid a ailíniú leis na tosaíochtaí in *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*.

## 9. Rogha

### CUSPÓIR

Rogha a chur ar fáil, nuair is féidir, i dtaca le seachadadh seirbhíse lena n-áirítear modhanna íocaíochta, suíomh na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus tréimhsí seachadta. Teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn a úsáid chun an rochtain agus rogha is fearr is féidir agus ardchaighdeán seachadta a chinntiú.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Cláir mhaoinithe, scéimeanna agus dámhachtainí ar fáil dár gcustaiméirí i raon leathan foirmeacha ealaíne agus réimsí cleachtais ealaíon éagsúla.
- Ár roghanna maidir le seachadadh seirbhíse a mhéadú nuair is féidir trí theicneolaíocht nua agus atá ag teacht chun cinn a úsáid.
- Solúbthacht a sholáthar inár sceideal íostarraingthe íocaíochtaí do dheontaithe.
- A chinntiú go mbeidh ár bhfoilseacháin ar fáil, ach iad a iarraidh, i bhformáid a bheidh oiriúnach don chustaiméir, Braille mar shampla.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Tá an fhaisnéis maidir lenár gcláir mhaoinithe, scéimeanna, dámhachtainí agus tionscnaimh ar ár suíomh gréasáin ábhartha, cruinn agus cothrom le dáta.
- ✓ Baintear leas iomlán as an bhféidearthacht a thairgeann teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar fud ár gcuid seirbhísí go léir.
- ✓ Tugtar solúbthacht inár sceideal íostarraingthe íocaíochtaí, má chomhlíonann an deontaí critéir airgeadais áirithe.
- ✓ Monatóireacht ar líon agus ar chineálacha na n-iaratas ar fhaisnéis i bhformáidí eile.

## 10. Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

### CUSPÓIR

Seirbhísí ardchaighdeán a sholáthar trí Ghaeilge agus/nó go dátheangach agus custaiméirí a chur ar an eolas maidir lena gceart rogha a dhéanamh go bpléifí leo trí cheann amháin nó ceann eile de na teangacha oifigiúla.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Cuirfimid seachadadh ár seirbhísí chun cinn trí mheán na Gaeilge trínár gceanglais a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- Foilseoidimid cáipéisí tábhachtacha i nGaeilge agus i mBéarla.
- Déanfaimid gach iarracht freastal ar chustaiméirí a ghlaonn orainn, a thugann cuairt orainn nó a scríobhann chuig an gComhairle Ealaíon agus ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Spreagfaimid an fhoireann chun leas a bhaint as deiseanna chun a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fheabhsú.

### PRÍOMHTHÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- ✓ Tá ár suíomh gréasáin ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- ✓ Foilsítear ár dTuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla.
- ✓ Foilseoidimid, nuair is féidir, cumarsáid agus cáipéisí a bhfuil spéis ag an bpobal iontu, lena n-áirítear foirmeacha iarratais agus treoirlínte le haghaidh lear mór de dhámhachtainí agus scéimeanna na Comhairle i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- ✓ Tá oiliúint i nGaeilge ar fáil don fhoireann.

## 11. Comhordú Níos Fearr

### CUSPÓIR

Cur chuige níos comhordaithe agus comtháite a chothú maidir le seachadadh seirbhísí poiblí.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Forbróimid ár gcomhpháirtíocht leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le ranna rialtais eile chomh maith leis an rialtas áitiúil agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí laistigh den earnáil chultúrtha agus lasmuigh di.

### KEY PERFORMANCE INDICATOR

- ✓ Comhoibriú agus nuálaíocht rathúil le gníomhaireachtaí eile poiblí ina ngnó agus ina mbainistíocht.

## 12. An Custaiméir Inmheánach

### CUSPÓIR

A chinntiú go n-aithnítear fostaithe mar chustaiméirí inmheánacha agus go dtugtar tacaíocht cheart dóibh agus go mbítear i gcomhairle leo maidir le saincheisteanna seachadta seirbhíse.

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

- Cothaímid cultúr ina léirítear ómós agus meas ar an éagsúlacht agus ina gcothaítear difríocht, ina n-aithnítear buanna agus scileanna na bhfostaithe go léir, agus ina dtugtar rochtain ar fhostaíocht agus ardú céime don ghrúpa fostaithe agus fostaithe ionchais is leithne.
- Is croí-phróiseas bainistíochta é ár gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta; comhtháthaítear é inár bpróiseas pleanála corparáidí agus tugann sé sásra ciallmhar d'fhostaithe, i gcomhar lena mbainisteoir, chun pleanáil chun riachtanais foghlama agus forbartha a shainaithint agus pleanáil dóibh ag tacú le foghlaim agus le forbairt leanúnach gairme.
- Áit oibre agus modhanna oibre sábháilte a sholáthar ina bhfuil meas ar an gcomhshaol agus ina dtéitear i ngleic le riachtanais agus freagrachtaí fostaithe, custaiméirí agus conraitheoirí de réir ceanglais chorparáideacha reachtúla.
- Beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a choinneáil cothrom le dáta, agus iad ag cloí le reachtaíocht agus dea-chleachtas fostaíochta, agus é sin a chur in iúl don fhoireann go léir.
- Meas a léiriú ar chearta fostaithe a bheith mar bhall de cheardchumann aitheanta.
- Leanúint ag forbairt ár bhfeidhmeanna cumarsáide inmheánaí.

### KEY PERFORMANCE INDICATOR

- ✓ Tá plean comharbais i bhfeidhm chun maolú a thabhairt i gcoinne cailteanas saineolais agus eolas eagraíochta i gcás go bhfágfadh fostaithe an Chomhairle.
- ✓ Riachtanais oiliúna foirne a sheachadadh mar a aithnítear tríd an bpróiseas Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.
- ✓ Áit oibre bunaithe ar chuimsiú, oscailteacht, ómós agus dualgas cúraim.
- ✓ Athbhreithniú rialta ar ár mbeartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag an bhfoireann orthu.



